



OIFIG AN CHIGIRE PRÍOSÚN
OFFICE OF THE INSPECTOR OF PRISONS

The background of the cover features a photograph of two hands gripping vertical metal bars, likely from a prison cell. The image is overlaid with large, semi-transparent geometric shapes in shades of blue and green. The title text is placed on a solid blue rectangular area at the bottom.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018

Cairde san Óige

Ina gcónaí ar shráid a bhí buachaillí
A thagadh le chéile mar leanaí
Chuig an scoil áitiúil a chuaigh an bheirt
Ach le rialacha difriúla a tógadh an bheirt

D'fhanadh buachaill amháin amuigh go mall san oíche
As radharc a mháthar a d'imríodh sé
Ag múitseáil a thosaigh sé
Don mhionchoireacht a ghabh sé

Leis na rialacha a chloígh an buachaill eile
Thug sé faoin spórt agus bhí ag éirí leis
Ina mbealach féin a chuaigh siad
D'fhoghlaim buachaill amháin tiomáint, ghoid buachaill amháin carr

Lá amháin sa Phríosún agus Oifigeach a
Bhí i gceannas agus a raibh aithne agam air
D'oscail sé doras an chillín
Agus tháinig cuma ghruama air

“Sin é Joe taobh thiar de dhoras an chillín
Táim cinnte go raibh aithne agam air
Tógadh ar an aon sráid sinn
Mar chairde, d'imrímís agus thagaimís le chéile

Nuair a bhí mé óg, bhí mo mháthair
Dian agus docht linn toisc
Go ndúirt sí go gcaillfimis
Buanna na beatha mura n-iompróimis

Is eol dom inniu go raibh an ceart aici
Chonaic mé buachaill a raibh aithne agam air tráth
Agus é ar na drugaí agus i gcillín...”
Ar é a fheiceáil, bhí díomá ar Joe

B'ann dóibh ansin, beirt chairde san óige
Agus ba ansin freisin a chríochnaigh a gcairdeas
Bhí eochair an chillín ag duine amháin
Agus faoi ghaibhniú aonair a bhí an duine eile

Le Regina Eviston (arna aistriú ó Bhéarla)



OIFIG AN CHIGIRE PRÍOSÚN
OFFICE OF THE INSPECTOR OF PRISONS

Tuarascáil Bhliantúil 2018



Clár Ábhar

Brollach le Patricia Gilheaney, an Cigire Príosún.....	2
1.0 Réamhrá.....	4
1.1 Cad a dhéanaimid?	4
1.2 Cé sinn?	5
2.0 Athbhreithniú ar an Struchtúr Oibriúcháin agus ar Acmhainní.....	6
3.0 Forbhreathnú ar an mbliain 2018	8
3.1 Cuairteanna ar Phríosúin	8
3.2 An Córas um Ghearáin ó Phríosúnaigh.....	14
3.2.1 Anailís ar Fhógraí faoi Ghearáin Chatagóir A.....	15
3.3 Litreacha ó Phríosúnaigh.....	16
3.4 Imscrúduithe.....	17
3.4.1 Básanna faoi Choimeád	17
3.4.2 Réamh-Imscrúdú ar Líomhaintí Áirithe maidir le hÉagóiritheoireacht i Seirbhís Phríosúin na hÉireann.....	17
3.5 An Dréachtscéim den Bhille um Chigireacht ar Ionaid Choinneála, 2014.....	18
3.6 Gníomhaíochtaí Gaolmhara	18
3.6.1 Oiliúint	18
3.6.2 Comhdháil	18
3.7 Cumarsáid Sheachtrach.....	18
3.7.1 Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil.....	18
3.7.2 An Sainlíonra um Fhormhaoirseacht Sheachtrach ar Phríosúin agus um Chearta an Duine.....	18
4.0 Faisnéis Airgeadais	19
5.0 Nochtadh Cosanta	20
6.0 An Dualgas Earnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.....	21
7.0 Rialachas agus Rialuithe Inmheánacha	22



Brollach



A Aire,

Cuirim faoi do bhráid an t-ochtú Tuarascáil Bhliantúil ó Oifig an Chigire Príosún ó ceapadh í mar Oifig Neamhspleách sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais sa bhliain 2007.

Foráiltear le halt 32 d'Acht na bPríosún 2007, go ndéanfaidh an Cigire Príosún, tráth nach déanaí ná an 31 Márta in aon bhliain nó cibé dáta is déanaí ná sin a shonróidh tú, tuarascáil maidir le comhlíonadh fheidhmeanna an Chigire sa bhliain roimhe sin. Mar a cuireadh in iúl roimhe seo, ní raibh mé in ann tuarascáil a chur faoi do bhráid faoi dheireadh mhí an Mhárta 2019 de bharr tosaíochtaí difriúla agus de bharr na n-acmhainní reatha atá ar fáil.

Tháinig a lán dúshlán chun cinn sa bhliain 2018, ar thug mise agus mo chomhghleacaithe aghaidh orthu go díograiseach agus go diongbháilte. Táim ag súil le cur lenar bhain sealbhóirí poist roimhe (idir shealbhóirí neamhrechtúla agus shealbhóirí reachtúla) amach cheana féin agus le leanúint d'Fhoireann Chigireachta Príosún den chéad scoth a fhorbairt ach leas a bhaint as cúnamh agus tacaíocht ó chomhghleacaithe in Oifig an Chigire Príosún, ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ón lucht léinn agus ó eagraíochtaí tathanta.

Cuirtear i gcuimhne dom an rud cáiliúil a dúirt Dostoevsky: “is féidir méid na sibhialtachta i sochaí ar leith a mheas ach dul isteach ina príosúin”. Rud ba dhéanaí fós, dúirt Nelson Mandela, iar-Uachtarán ar an Afraic Theas, nuair a bhí sé faoi choimeád ar Oileán Robben: “Ní féidir le duine eolas fíor a bheith aige nó aici ar náisiún go dtí go dtéann an duine sin isteach ina phríosúin. Níor cheart náisiún a mheas de réir na slí a gcaitheann sé lena shaoránaigh is ísle, ba cheart é a mheas de réir na slí a gcaitheann sé lena shaoránaigh is ísle.” Mar náisiún, níl taifead bródúil againn ó thaobh institiúidí de. I dtaca le daoine soghonta in Éirinn san earnáil cúram sláinte agus san earnáil cúraim shóisialta, mar shampla daoine scothaosta, leanaí, daoine a bhfuil meabhairghalar orthu agus daoine faoi mhíchumas intleachta, is iad comhlachtaí éagsúla amhail an tUdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) agus an Coimisiún Meabhair-Shláinte a dhéanann formhaoirseacht.

Tugann Oifig an Chigire Príosún léargas neamhspleách don tsochaí ar a bhfuil ag tarlú taobh istigh dár bpríosúin. Ba cheart glacadh leis an obair sin agus fáilte a chur roimpi agus tá sé ina bhunriachtanas go ndéantar cigireachtaí rialta ar ár bpríosúin. Cé go bhfuil sé ina cheanglas reachtúil ón mbliain 2007 i leith cigireacht rialta a dhéanamh ar phríosúin, níor foilsíodh ach tuarascáil chigireachta príosúin amháin ón mbliain 2014 i leith. Ba sa bhliain 2017 a foilsíodh í. Ní ann d'aon tuarascáil chigireachta fhoilsithe ar na príosúin seo a leanas: Príosún an Láir Tíre, Príosún Phort Laoise, Príosún Chorcaí, Príosún Chnoc na Seamar agus Ionad Coinneála Pháirc na Cruithneachta toisc nach raibh dóthain acmhainní daonna agus fioscacha ag Oifig an Chigire Príosún chun cloí go hiomlán leis na ceanglais reachtúla.

Dá bhrí sin, dhírigh an Cigire Príosún ar raon leathan tuarascálacha téamacha agus doiciméad treorach a ullmhú agus a fhoilsiú. Is féidir iad a rochtain ar www.inspectorofprisons.gov.ie.

Ba cheart go mbeadh bunathrú chun feabhais ann i bhforbairt Oifig an Chigire Príosún sna blianta beaga atá le teacht agus, chuige sin, táim ag súil le córas cigireachta a bheidh cothrom, trédhearcach, bunaithe ar chearta an duine agus dírithe ar chosc a chur ar bun sa bhliain 2019. Táim ag súil freisin le cigireachtaí a dhéanamh ach tairbhe a bhaint as acmhainní cuí. Tuigim gur neamhtheoranta atá an iarraidh ar acmhainní san earnáil phoiblí agus san earnáil Dlí agus Cirt agus Comhionannais go háirithe agus gur teoranta atá na hacmhainní iarbhair atá ar fáil. Mar sin féin, má bhíonn Éire le tionchar láidir a bheith aici ó thaobh chearta an duine de ar fud an domhain, caithfidh sí a creidiúnacht a thaispeáint trína gníomhartha intíre. Trí chóras cigireachta príosúin atá nua-aimseartha agus dírithe ar chosc a bheith ann agus trí chigireachtaí rialta a dhéanamh, beidh Éire chun tosaigh ar thíortha eile ó thaobh chosaintí chearta an duine do phríosúnaigh de. Fáiltím roimh an ngealltanas a thug tú go soláthrófaí acmhainní cuí chun cur ar mo chumas m'fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh ina n-iomláine.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú iarraidh ar an Rialtas dul chun cinn a dhéanamh ar an mBille um Chigireacht ar Ionaid Choinneála. Fuarthas ceadú ón Rialtas le haghaidh an Bhille sin i mí na Bealtaine 2011. Tá forálacha tábhachtacha d'fhoireann chigireachta nua-aimseartha in easnamh sa reachtaíocht reatha atá mar bhonn agus thaca ag ról an Chigire Príosún, rud a chuir sealbhóir

roimhe na hOifige seo in iúl freisin. Tuigim nach é amháin go bhfuil baint ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais leis an mBille thuasluaite ach go bhfuil baint ag a lán Ranna eile leis freisin, rud a fhágann go bhfuil an scéal níos casta fós. Ba mhaith liom a chur in iúl go dtacóidh mé go hiomlán le dul chun cinn a dhéanamh ar an reachtaíocht bhunriachtanach sin.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe in Oifig an Chigire Príosún. Tar éis bhás brónach anabái mo réamhtheachtaí go mall sa bhliain 2016, leanadh le hobair na hOifige faoi cheannaireacht Helen Casey go dtí gur ceapadh mé an 7 Bealtaine 2018.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leatsa agus leis na hoifigigh i do Roinn a thug tacaíocht don Oifig sa bhliain 2018. Déanaim comhghairdeas le Caron McCaffrey as a ceapachán mar Ard-Stiúrthóir ar Sheirbhís Phríosúin na hÉireann i mí na Nollag 2018. Guím gach rath uirthi de réir mar a threoraíonn sí Seirbhís Phríosúin na hÉireann sna blianta atá romhainn.

Feicfidh tú go bhfuil trí dhán ar áireamh sa tuarascáil seo. Atáirgtear iad le cead ó Regina Eviston, Altra Príosúin, a bhain leas as an teagmháil ghníomhach a bhí aici le príosúnaigh gach lá chun an t-áthas agus an brón a bhíonn orthu a léiriú ina cuid filíochta.

Patricia Gilheaney
An Cigire Príosún
21 Lúnasa 2019



1.0 Réamhrá

Bunaíodh Oifig an Chigire Príosún ar bhonn reachtúil de bhun alt 30 d'Acht na bPríosún 2007 ("an tAcht") i mí Eanáir 2007. Ceapann an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an Cigire Príosún chun na feidhmeanna a thugtar dó/di le Cuid 5 den Acht a chomhlíonadh. Ceapadh Patricia Gilheaney, an Cigire reatha, an 7 Bealtaine 2018 ar feadh téarma oifige cúig bliana, faoi réir fhorálacha alt 30 den Acht. Tá an Cigire Príosún neamhspleách ag comhlíonadh a feidhmeanna di.

1.1 Cad a dhéanaimid?

Is é an phríomhfheidhm atá ag aon chomhlacht cigireachta ná cigireachtaí a dhéanamh. Is amhlaidh sin i gcás ról an Chigire Príosún freisin. Le halt 31(1) den Acht, cuirtear oibleagáid ar an gCigire Príosún cigireachtaí rialta a dhéanamh ar phríosúin. Cé nach dtugtar sainmhíniú ar an téarma 'cigireachtaí rialta' sa reachtaíocht, tugtar le fios sa chleachtas idirnáisiúnta gurb é an gnás san earnáil go ndéantar cigireacht iomlán gach trí bliana.

De bhreis ar chigireachtaí, féadfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais iarraidh ar an gCigire Príosún aon ní a éireoidh as bainistiú nó oibriú príosúin a imscrúdú agus, má iarrtar uirthi amhlaidh, beidh oibleagáid ar an gCigire Príosún an t-imscrúdú a dhéanamh. Féadfaidh an Cigire imscrúdú den sórt sin a dhéanamh dá toil féin freisin. Ar a himscrúdú a chur i gcrích, cuirfidh sí tuarascáil faoi bhráid an Aire.

Is mar seo a leanas atá ról an Chigire Príosún:

- ▶ Cigireacht rialta a dhéanamh ar na trí phríosún déag uile in Éirinn (a bhfuil ceann amháin díobh dúnta go sealadach ó bhí mí na Bealtaine 2017 ann le haghaidh a chuspóir a athrú agus le haghaidh athchóiriú);
- ▶ Imscrúduithe a dhéanamh ar bhásanna faoi choimeád agus ar bhás aon duine agus é/í ar scaoileadh sealadach ó phríosún, laistigh de mhí amháin óna scaoileadh sealadach;
- ▶ Imscrúduithe a dhéanamh, má iarrann an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais uirthi amhlaidh, ar aon ní a éireoidh as bainistiú nó oibriú príosúin;
- ▶ Litreacha a fháil ó phríosúnaigh agus freagra a thabhairt orthu de réir Rial 44 de Rialacha na bPríosún 2007-2017;
- ▶ De réir Rial 57B de Rialacha na bPríosún 2007-2017
 - ▼ Fógraí faoi ghearáin áirithe a fháil laistigh de sheacht lá ó fhógra faoi ghearán den sórt sin a bheith faighte ag an nGobharnóir ar phríosún;
 - ▼ Cóip a fháil de chinneadh agus de na cúiseanna leis an gcinneadh ó Ard-Stiúrthóir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann gan imscrúdú a thionscnamh más deimhin léi go bhfuil an gearán cráiteach, nach bhfuil bunús leis nó nach bhfuil sé faoi raon feidhme Rial 57B;
 - ▼ Cóip a fháil de gach tuarascáil arna cur isteach ag foireann imscrúdaithe arna ceapadh ag Ard-Stiúrthóir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann de réir Rial 57B,

agus cóip de thuarascáil eatramhach a fháil mura gcuirtear an t-imscrúdú i gcrích laistigh de thrí mhí.

- ▼ Cóip a fháil d'aon tuarascáil arna cur isteach faoin riail seo agus d'fhionnachtain agus cinneadh an Ghobharnóra.
- ▼ Litreacha a fháil ó ghearánach atá míshásta leis an toradh ar imscrúdú ina luaitear cén fáth a bhfuil nó nach bhfuil sé nó sí sásta, agus
- ▼ Formhaoirseacht a dhéanamh ar gach imscrúdú arna dhéanamh faoi Riail 57B, rochtain a bheith aici ar aon ábhar atá ábhartha d'aon imscrúdú den sórt sin agus imscrúdú a dhéanamh ar aon ghné a mheasann an Cigire a bheith ábhartha.

- Níl sé mar fheidhm ag an gCigire gearán ó phríosúnach aonair a imscrúdú nó breith a thabhairt air, ach féadfaidh sí scrúdú a dhéanamh ar na himthosca a bhaineann le gearán ó phríosúnaigh nuair is gá déanamh amhlaidh chun a feidhmeanna a chomhlíonadh.

Níl údarás reachtúil ag an gCigire Príosún tuarascálacha cigireachta, tuarascálacha imscrúdaithe nó tuarascálacha bliantúla a fhoilsiú. De réir alt 31 nó alt 32 den Acht de réir mar is infheidhme, ní mór don Aire, a luaithe is féidir tar éis tuarascáil a fháil, í a leagan faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas agus í a fhoilsiú, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas.

Féadfaidh an tAire aon ní a fhágáil ar lár ó aon tuarascáil a leagtar faoi bhráid Thithe an Oireachtais i gcás go mbeidh sé nó sí den tuairim:

1. Go bhféadfadh nochtadh an ní sin dochar a dhéanamh do shlándáil an phríosúin nó an Stáit, nó
2. Tar éis dul i gcomhairle le hArd-Rúnaí an Rialtais
 - a. go mbeadh nochtadh an ní sin contrártha do leas an phobail, nó
 - b. go bhféadfadh nochtadh an ní sin cearta bunreachtúla aon duine a shárú.

I gcás ina bhfágfar aon nithe ar lár amhlaidh, déanfar ráiteas á rá sin i gceangal leis an tuarascáil lena mbaineann ar í a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ar í a fhoilsiú.

1.2 Cé sinn?

Bhí soláthar foirne Oifig an Chigire Príosún mar seo a leanas an **1 Eanáir 2018**:

An Cigire Gníomhach Príosún:

Helen Casey Uas. (Post substainteach mar Phríomhoifigeach)

Ardoifigeach Feidhmiúcháin:

Eimear O'Neill Uas.

Ardoifigeach Feidhmiúcháin:

Folamh ó mhí an Mhárta 2017 i leith

Oifigeach Feidhmiúcháin (Téarma Socraithe):

An tUas. John Byrne

Oifigeach Cléireachais:

Eibhlís Burke Uas.

Ceapadh Patricia Gilheaney Uas. chuig post an Chigire Príosún le héifeacht ón 7 Bealtaine 2018 le haghaidh téarma oifige cúig bliana de réir alt 30 d'Acht na bPríosún 2007. Toisc go rabhtas ag fanacht leis an oifig a aslonnú ón Aonach go Baile Átha Cliath, d'aistrigh an tArdoifigeach Feidhmiúcháin chuig Roinn Rialtais eile i mí Mheán Fómhair 2018. Sannadh Oifigeach Cléireachais Sealadach chuig an oifig ar bhonn eatramhach trí mhí ina dhiaidh sin.

An soláthar foirne ag an **31 Nollaig 2018**:

An Cigire Príosún:

Patricia Gilheaney Uas.

Príomhoifigeach:

Helen Casey Uas.

Ardoifigeach Feidhmiúcháin:

Folamh ó mhí an Mhárta 2017 i leith

Ardoifigeach Feidhmiúcháin:

Folamh ó mhí Mheán Fómhair 2018 i leith

Oifigeach Feidhmiúcháin (Téarma Socraithe):

An tUas. John Byrne

Oifigeach Cléireachais:

Eibhlís Burke Uas.

Oifigeach Cléireachais Sealadach:

An tUas. Angelo Walsh (conradh 3 mhí go dtí go mall i mí Eanáir 2019)



2.0 Athbhreithniú ar an Struchtúr Oibriúcháin agus ar Acmhainní

I mí Iúil 2018, tar éis cabhair a fháil ón Oifig um Sholáthar Rialtais, choimisiúnaigh Oifig an Chigire Príosún PA Consulting Services Limited (“PA”) chun athbhreithniú a dhéanamh ar a struchtúr oibriúcháin agus ar a acmhainní d’fhonn samhail oibriúcháin roghnaithe a fhorbairt don Oifig sa todhchaí. Ba é comhthéacs an athbhreithnithe ná gurbh é an t-IarChigire Príosún an chéad sealbhóir poist reachtúil agus gur threoraigh sé an oifig trína blianta tosaigh agus go raibh sé i gceannas ar ullmhú na dtuarascálacha luatha cigireachta agus téamacha, rud a bhí ina athrú suntasach san iniúchadh foirmiúil ar phríosúin na hÉireann. Measadh go raibh sé tráthúil athbhreithniú a dhéanamh toisc go bhfuil an Oifig ag iarraidh clár láidir oibre, próisis shainithe agus prótacail foirmiúla le comhpháirtithe soláthair a thabhairt isteach, a bhfaighidh gach ceann díobh leibhéal cuí acmhainní mar thacaíocht. Cuireadh tuarascáil an athbhreithnithe i gcrích an 5 Nollaig 2018 agus cuireadh faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus a chuid oifigeach í an 6 Nollaig 2018.

Bíonn gach eagraíocht ag forbairt a samhlaigh oibriúcháin i gcónaí agus ag tabhairt a próiseas gnó chun aibíochta. Aithníodh i dtuarascáil an athbhreithnithe obair dhícheallach agus tiomantas na mball foirne in Oifig an Chigire Príosún. Sainaithníodh inti freisin, áfach, gur eagraíocht measartha anabair í nach bhfuil ag comhlíonadh a príomhróil reachtúil ar aon dul leis an dea-

chleachtas idirnáisiúnta aitheanta. Fianaise ar an méid sin is ea na nithe seo, i measc nithe eile:

- ▶ Ní dhearnadh cigireacht foirmiúil (i bhfocail eile, níor foilsíodh tuarascáil) ach ar thrí phríosún le cúig bliana anuas – aithnítear ar fud an domhain (e.g. i dtreoir ó na Náisiúin Aontaithe) gurbh é an phríomhshlat tomhais bhunúsach “dea-chleachtas” le haghaidh córais cigireachta príosúin ná tuarascáil cigireachta foirmiúla a fhoilsiú go neamhspleách.
- ▶ Ní dhearnadh aon cigireacht foirmiúil ar chor ar bith ar leath an eastáit phríosúin ó bunaíodh Oifig an Chigire Príosún deich mbliana ó shin (tugtar faoi deara gur tugadh cuairt ar phríosúin roinnt uaireanta le linn gníomhaíochtaí éagsúla cigireachta, imscrúdaithe agus tuarascála téamaí ach is amhlaidh, toisc go bhfuil Tuarascálacha Cigireachta foirmiúla in easnamh (agus nach ann do Phlean Gníomhaíochta gaolmhar arna fhoilsiú ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann), nach bhfuil fianaise chuí ann ar an oscailteacht, an trédhearcacht agus an déine a theastaíonn).
- ▶ Níl aon chlár réamhbhreathnaitheach struchtúrtha cigireachtaí [fógartha agus neamhfhogartha] ann – níl dóthain acmhainne ag an Oifig faoi láthair tabhairt faoi obair atá de bheis ar Bhásanna faoi Choimeád a imscrúdú. De réir na bhforálacha sa reachtaíocht ábhartha, bhí sé riachtanach tús áite a thabhairt don obair sin go dtí seo.

- ▶ Níl aon phróisis in-athdhéanta ann agus tá a lán modhanna oibre ann nach bhfuil ag teacht leis an “dea-chleachtas” idirnáisiúnta aitheanta – tá roinnt próiseas agus seicliostaí taifeadta ann atá luachmhar iontu féin gan amhras, ach nach bhfuil láidir ná cuimsitheach go leor agus nach bhfuil mar bhonn le córas in-athdhéanta cigireachta agus imscrúdaithe.
- ▶ Is ann do chreat dlíthiúil in Acht na bPríosún 2007 a bhfuil soiléire agus cuimsitheacht in easnamh ann – d’aithin an Cigire roimhe agus an Cigire Gníomhach gur gá sainchúram reachtúil, cumhachtaí reachtúla agus cosaintí reachtúla an Chigire Príosún (agus na ndaoine sin a sanntar a húdarás go cuí dóibh) a chur ar bhonn foirmiúil.
- ▶ Cistiú neamhleor i mbuiséad ceadaithe 2018 d’Oifig an Chigire Príosún.

Dá bharr sin, thángthas ar an gconclúid san Athbhreithniú ó PA nach oiriúnach don fheidhm a bheidh an córas reatha Cigireachta agus Imscrúdaithe atá i bhfeidhm in Oifig an Chigire Príosún faoi láthair.

Aithníodh sa Tuarascáil gurb é rún luaite an Chigire forbairt na nithe seo a leanas a bhrú chun cinn:

- ▶ Clár cuimsitheach leanúnach cigireachtaí ar fud an chórais phríosún;
- ▶ Próisis láidre in-athdhéanta ghnó ina gcloítear leis an “dea-chleachtas” idirnáisiúnta aitheanta;

- ▶ Éiceachóras atá comhdhéanta de chomhpháirtithe soláthair saineolaíocha agus de chomhairleoirí saineolaíocha;
- ▶ Foireann chigireachta a bhfuil na hacmhainní cuí aici agus a rannchuidíonn le torthaí níos fearr a sholáthar i bpríosúin do phríosúnaigh, do bhaill foirne, do chuirteoirí agus don tsochaí i gcoitinne.

Beidh neart oibre le cur i gcrích i mBliain 1 (2019) chun go mbeifear in ann acmhainní cuí a sholáthar don chéad chigireacht iomlán ar phríosún faoin gcóras cigireachta nua agus í a sheoladh faoi mhí na Nollag 2019 [áit a gcuirfear an chéad tuarascáil chigireachta den ré nua sin i gcrích go luath sa bhliain 2020].

Agus an méid seo á scríobh, tá moill ann ar na tréimhsí bunaidh agus is dócha gur sa bhliain 2020 a dhéanfar an chéad chigireacht iomlán ar phríosún faoin gcóras cigireachta nua. Déanfar an chéad chigireacht iomlán a fhógairt agus a sheoladh ar bhealach a thacaíonn le foghlaim chomhoibríoch laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Tar éis na cigireachta tosaigh sin, ba cheart go mbeadh gach príosún eile ar an eolas faoin dóigh a n-oibreoidh an córas cigireachta nua. Bainfidh ríthábhacht leis an gcéad chigireacht maidir le caighdeán cáilíochta nua agus cur chuige nua a shocrú in obair na Foirne athnuaite Cigireachta Príosún.



3.0 Forbhreathnú ar an mbliain 2018

3.1 Cuairteanna ar Phríosúin

Tar éis a ceapacháin, tosaíocht tosaigh don Chigire Príosún ba ea cuairt a thabhairt ar gach príosún sa tír agus ar na seirbhísí a thacaíonn le hoibriú agus bainistiú na bpríosún. Tugadh cuireadh don Chigire freastal ar roinnt ócáidí príosúnach agus d'fhreastail sí orthu. Áiríodh leo sin ócáid in Ionad Dóchas, príosún ban, an 8 Bealtaine 2018, agus ócáidí Bronnta Teastas do Phríosúnaigh ar éirigh leo i gClár Chrois Dhearg na hÉireann, a bhí ar siúl i mí na Bealtaine, mí an Mheithimh agus mí Iúil i bPríosún an Chaisleáin Riabhaigh, Príosún Chnoc na Seamar, Ionad Coinneála Pháirc na Cruithneachta agus Príosún Mhuinseo.

Ag teacht sna sála ar chruinniú leis an Uas. Michael Donnellan, an tArd-Stiúrthóir ag an am, an 10 Bealtaine 2018, cuireadh tús le cuairteanna taithíochta ar phríosúin an 21 Bealtaine 2018 agus cuireadh i gcrích iad an 17 Iúil 2018 (féach Tábla 1). Ba é an cuspóir a bhí leis na cuairteanna taithíochta ná 'gníomhú de réir ár mbriathair', amharc ar gach limistéar de na príosúin agus leas a bhaint as an deis is luaithe bualadh leis an líon ab airde príosúnach agus ball foirne (slándála, oideachais, cúram sláinte, síceolaíochta agus séiplíneachta) sna príosúin ab fhéidir.

Tábla 1: Cuairteanna Taithíochta a thug an Cigire Príosún ar Phríosúin agus ar Sheirbhísí Tacaíochta sa bhliain 2018

DÁTA	LÁTHAIR
21 Bealtaine	Ceanncheathrú Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, an Longfort (bualadh le Stiúrthóirí agus leis an bhfoireann).
6 Meitheamh	Príosún Chorcaí
7 Meitheamh	Príosún Luimnigh
8 Meitheamh	Ionad Dóchas
12 Meitheamh	Príosún Chnoc na Seamar
12 Meitheamh	Ionad Coinneála Pháirc na Cruithneachta (a ainmníodh 'Príosún Pháirc na Cruithneachta' le hOrdú ón Aire le héifeacht ón 15 Iúil 2019)
14 Meitheamh	Príosún Chnoc an Arbhair
19 Meitheamh	Príosún Mhuinseo (an tAonad Dul Chun Cinn san áireamh). Dúnadh an tAonad Oiliúna le haghaidh a chuspóir a athrú agus le haghaidh athchóiriú
20 Meitheamh	Ionad Coinneála Theach an Locháin
21 Meitheamh	Ionad Coinneála Theach na gCanónach
22 Meitheamh	Príosún an Láir Tíre
22 Meitheamh	Príosún Phort Laoise
25 Meitheamh	An Grúpa Tacaíochta Oibríochtúla
11 Iúil	Cór Coimhdeachta na Seirbhíse Príosún
11 Iúil	An Rannóg Seirbhísí Tógála

Cé nár chigireachtaí foirmiúla iad, sainaithníodh roinnt réimsí imní le linn na gcúairteanna. Tá siad mar seo a leanas:

- ▶ **Sábháilteacht**
 - ▼ Cosaint
 - ▼ Gaibhniú Aonair / Córais Shrianta
 - ▼ An timpeallacht – róphlódú / fuinneoga briste.
 - ▼ Contrabhanna
- ▶ **Sláinte Príosúnach agus an soláthar seirbhísí cuí**
- ▶ **Athshlánú**
 - ▼ Rochtain ar oideachas agus oiliúint (go háirithe sa tseachtain deiridh de ráithe)
- ▶ **Cóir agus Banphríosúnaigh**
- ▶ **Séiplíneacht**

Sábháilteacht

Cosaint

Chonacthas na dúshláin a mbíonn lucht bainistíochta agus foireann na bpríosún ag déileáil leo chun coimeád slán sábháilte a sholáthar. Le roinnt blianta anuas in Éirinn, tá an tsochaí ag feiceáil fás ollmhór sa líon drong coirpeach agus grúpaí coirpeach atá ann sa tír. Níl príosúin saor ó na gníomhaíochtaí a tharlaíonn sa tsochaí ina hiomláine agus is amhlaidh, i gcás gur faoi choimeád i bpríosúin atá baill de dhronga nó de ghrúpaí, go ngéaraítear ar an bhfadhb agus go gcruthaítear dúshláin shuntasacha maidir le timpeallacht shábháilte a sholáthar. D'fháiltigh an Cigire roimh an deis bheith i láthair don phróiseas cimithe príosúnach le Gobharnóir Phríosún Chnoc na Seamar agus le Gobharnóir Phríosún an Láir Tíre. Bhain príosúnaigh leas as Rial 63 (príosúnaigh shoghonta a chosaint) de Rialacha na bPríosún 2007-2017 ar a n-iarraidh féin nó i gcás gur mheas an Gobharnóir gur ghá déanamh amhlaidh. Bhí an próiseas sin i bhfeidhm sna príosúin dhúnta eile uile. Cuireadh Rial 62 (príosúnach a bhaint de ghníomhaíocht struchtúrtha ar fhorais ordaithe) chun feidhme freisin. Chonaic an Cigire go pearsanta na dúshláin a mbíonn an lucht bainistíochta príosúin agus na hoifigigh phríosúin ag déileáil leo chun dronga/grúpaí iomaíocha a scaradh óna chéile ar sciatháin agus ar léibhinn i bpríosúin. Bíonn an bhallraíocht de na dronga coirpeach sin agus an dílseacht dóibh ag athrú ar bhonn leanúnach toisc go bhfágann daoine iad agus go dtéann daoine eile isteach iontu. Chun timpeallacht shábháilte a choinneáil ar bun, bhíothas agus táthar fós ag baint

úsáid as dathchódú chun a léiriú cé na príosúnaigh eile ar féidir le príosúnaigh baint a bheith acu leo. Is obair ardriosca í sin inti féin de bharr an ardlin ghrúpaí atá ann.

Gaibhniú Aonair / Córais Shrianta

Cúis imní ar leith is ea príosúnaigh atá ar chórais shrianta laistigh de chóras príosún na hÉireann, a gcoinnítear roinnt díobh sa chillín ar feadh níos mó ná dhá uair is fiche sa lá i ngaibhniú aonair. Tá neart fianaise ann ar an éifeacht atá aige sin ar phríosúnaigh.¹² Moltar nach n-úsáidfí gaibhniú aonair ach amháin in imthosca eisceachtúla, mar rogha dheiridh agus ar feadh na tréimhse is giorra is féidir. Teastaíonn coimircí nós imeachta freisin chun a chinntiú go gcaitear le gach duine a mbaintear a saoirse díobh ar bhealach atá daonnúil agus measúil ar dhínit dhúchasach an duine.³ Sa bhliain 2018, rinne Oifig an Chigire Príosún sonraí ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann a bhailiú agus a anailísiú chun tuarascáil a ullmhú ina ndéantar measúnú ar an tionchar a bheadh ag reachtaíocht thánaisteach a thabhairt isteach ar ghaibhniú aonair agus/nó córais shrianta a úsáid i bPríosúin na hÉireann. Tá sé beartaithe go gcuirfear Seirbhís Phríosúin na hÉireann ar an eolas faoi na fionnachtana agus go gcuirfear tuarascáil i gcrích sa bhliain 2019.

An Timpeallacht

Tháinig an róphlódú chun cinn an athuair sa bhliain 2018 tar éis tréimhse ina raibh an líon príosúnach ag laghdú. Tugtar le fios sna luathfhiúirí don bhliain 2019 gur dócha go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh. Tá roinnt tosca taobh thiar de na cúiseanna. Toisc amháin is ea an méadú atá tagtha ar an líon comhaltaí den Gharda Síochána, rud atá ag méadú an lín chiontóirí atá á dtabhairt os comhair na gcúirteanna. Tá méadú ann freisin sa líon príosúnach atá ag cur pianbhreitheanna fada isteach. Is féidir an córas príosún a cháineadh de bharr an róphlódaithe atá ann. Ní mór a chuimhneamh, áfach, nach bhféadfaidh príosúin beartas 'doras dhúnta' a ghlacadh toisc go gceanglaítear ar Ghobharnóirí glacadh leis na daoine a gcuireann na Cúirteanna iad i bpríosún. Tá Oifig an Chigire Príosún i bhfabhar idirghabhálacha éifeachtacha is féidir a úsáid mar mhalairt ar chúram coinneála. Fadhb shuntasach nach mór aghaidh a thabhairt uirthi is ea an róphlódú agus caithfear gach féidearthacht a shaothrú má bhíonn Éire le meas a thabhairt ar dhínit dhúchasach gach duine i bpríosún.

¹ Shalev, S. (2008). *Sourcebook on Solitary Confinement*. Londain: Mannheim Centre for Criminology, London School of Economics, lgh 15-17.

² Scharff Smith, P. (2006). The effects of solitary confinement on prison inmates: a brief history and review of the literature. *Crime and Justice*, iml. 34, lch 441.

³ Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe A/66/268 (2011). Tuarascáil eatramhach ó Rapóirtéir Speisialta na Comhairle um Chearta an Duine maidir le céastóireacht agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhonna nó táireach.



Tá clár i bhfeidhm ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann le haghaidh a fuinneoga a athsholáthar. Chonaic an Fhoireann Chigireachta a lán cillíní nach mór fuinneoga briste iontu a athsholáthar mar bheart práinne. Bhí sé sin le feiceáil go háirithe i bPríosún an Láir Tíre. Is fadhb shuntasach sláinte agus sábháilteachta í sin. Moltar do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann an clár athsholáthair fuinneog a bhrostmú.

Triúr i gCillín

*Tá triúr i gcillín agus smaoiním ar an gcúis
Níl dúit ná áit caointe ann
Ní fhaightear comhbhá ó dhaoine ón taobh amuigh
A ghlacann ról an mhórálaí gan aithne a bheith acu*

*Ar an mbean atá ar urlár an chillín
A buaileadh, a mí-úsáideadh agus a dúshaothraíodh
A tógadh ar an anás, a ndearnadh neamart inti
An cúis iontais í go dteipfeadh uirthi?*

*Chonaic mé coilín in áiteanna uafásacha
Ghlán mé míolta óna cuid gruaise agus chuir mé
bindealán ar an nglúin léi
Chabhraigh mé léi siúl, caint agus codladh go réidh
Agus chuir mé faoi ghlas í i gcillín a bhí do bheirt
agus nach raibh do thríúr*

Le Regina Eviston (arna aistriú ó Bhéarla)

Contrabhanna

Cúis mhór imní is ea an fháil réidh ar chontrabhanna i bpríosúin. Faoi mar atá amhlaidh i bpríosúin i Sasana, in Albain agus sa Bhreatain Bheag, bítear ag úsáid drugaí aindleathacha i bpríosúin in Éirinn fós. Le linn cuairt amháin ar phríosún, thaispeáin baill foirne don Chigire na substaintí aindleathacha a aisghabhadh ar thailte an phríosúin an lá sin. Tá an ‘trádáil drugaí’ i bpríosún cosúil leis an ‘trádáil drugaí’ lasmuigh de. Tá roinnt difríochtaí tábhachtacha eatarthu, áfach. Áirítear leo sin gurb airde costas na ndrugaí i

bpríosún ná an costas sa phobal i gcoitinne, de bharr tosca soláthair agus éilimh. Toradh amháin atá ar dhruaí aindleathacha agus fóin phóca a cheannach agus a dhíol i bpríosúin is ea go ndéantar bulaíocht agus imeaglú ar na príosúnaigh lena mbaineann agus ar dhaoine muinteartha agus cairde leo. Is féidir le príosúnaigh a dhíolann drugaí aindleathacha agus fóin phóca saibhreas suntasach a chur le chéile agus iad i bpríosún. Ar an taobh eile den scéal, is féidir leo an príosúnach atá ag ceannach an chontrabhanna a fhágáil i bhfiacha móra. Cé go n-aithníonn sí go bhfuil an fhadhb sin ann agus go bhfuil dúshlán ghaolmhara ag gabháil léi, tá sé tábhachtach nach nglacann Seirbhís Phríosúin na hÉireann leis gurb í an gnáthrud í agus go leanann sí lena hiarrachtaí feabhas a chur ar shlándáil ag bealaí isteach sna príosúin, go gcuireann sí dlús leis na hiarrachtaí sin agus go mbaineann sí leas as an teicneolaíocht chun úsáid fón póca i bpríosúin a chosc. Mar bharr ar an úsáid drón, is measa an fhadhb contrabhanna agus ní mór do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann coinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn teicneolaíochta. Le linn na bliana, bhuaile an Cigire le roinnt teaghlach le príosúnaigh a fuair bás agus iad faoi choimeád nó ar scaoileadh sealadach sna blianta 2017 agus 2018. Léirigh siad imní go raibh úsáid drugaí aindleathacha ina cúis fhéideartha le bás an duine mhuinteartha leo.

Sláinte Príosúnach agus an soláthar seirbhísí cuí

Cuid bhunúsach de chearta daonna eile a ghnóthú is ea an ceart chun sláinte. Cumhdaítear an ceart sin i roinnt cúnant agus ionstraimí idirnáisiúnta⁴. Sa bhliain 2016, mhol an Cigire Príosún go ndéanfaí measúnú cuimsitheach ar riachtanais sláinte na bpríosúnach sna 13 phríosún uile agus go ndéanfaí anailís ina dhiaidh sin ar riachtanais soláthar foirne an phearsanra cúram sláinte i ngach príosún⁵. Níor ullmhaíodh aon tuarascáil den sórt sin go dtí seo.

Tá Rialacha na bPríosún 2007-2017 ar an mbunús reachtach do sheirbhísí cúram sláinte (Cuid 10, rialacha 99 go 104, agus an dá riail sin san áireamh) agus seirbhísí síceolaíochta (Cuid 14, rialacha 112 go 113, agus an dá riail sin san áireamh) a sholáthar i bpríosúin. Tá príosúnaigh i dteideal seirbhísí cúraim sláinte phríomhúil a fháil. Tá seirbhís lia-chleachtóra ghinearálta ar fáil sna príosúin uile. Fostaítear lia-chleachtóirí cláraithe go díreach nó úsáidtear dochtúirí ionaid a fhoinsítear ó ghníomhaireacht earcaíochta.

⁴ Tuarascáil ó Oifig an Chigire Príosún (2016) Healthcare in Irish Prisons. Oifig an tSoláthair: Baile Átha Cliath.

⁵ Tuarascáil ó Oifig an Chigire Príosún (2016) Healthcare in Irish Prisons, lch 17, mír 3.1. Oifig an tSoláthair: Baile Átha Cliath.

Bhuail an Cigire Príosún leis an Stiúrthóir Cúraim agus Athshlánúcháin an 21 Bealtaine 2018, leis an mBainisteoir Altraí Náisiúnta an 31 Bealtaine 2018 agus leis an gCeann Síceolaíochta an 11 Iúil 2018. Le linn na bliana, cheap Seirbhís Phríosúin na hÉireann Treoraí Cliniciúil. Bhuail an Cigire leis an Treoraí Cliniciúil agus leis an Stiúrthóir Cúraim agus Athshlánúcháin an 11 Deireadh Fómhair 2018.

Soláthraíonn an tSeirbhís Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cúram agus cóireáil meabhairshláinte i dtimpeallachtaí príosúin. Agus an méid seo á scríobh, ní ann fós d'aon síciatraí tiomnaithe atá ar fáil do Phríosún an Chaisleáin Riabhaigh, rud a tharraing an Oifig seo anuas roimhe seo. Tá an cás sin ag teacht leis an easpa síciatraithe atá ar fáil go ginearálta i limistéir áirithe sa tír. Chomh maith leis sin, oibríonn an tSeirbhís Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí i dtimpeallacht ina bhfuil rochtain neamhleor aici ar shaoráidí cuí meabhairshláinte fóiréinsí d'othair chónaitheacha. Shainaithin Coiste Eorpach Chomhairle na hEorpa chun Céastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc ábhair mhóra inni sa réimse sin sa bhliain 2014⁶ agus luaigh sé freisin go bhfuil inni air faoi acmhainn an Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalair. Sa fhreagra uaidh⁷, rinne Éire tagairt do roinnt forbairtí, lenar áiríodh gur deonaíodh cead pleanála le haghaidh saoráid nua meabhairshláinte fóiréinsí 120 leaba do leanaí agus d'aoisigh i mBaile Átha Cliath Thuaidh. Fáiltíonn an Cigire roimh fhorbairt na saoráide nua sin agus aithníonn sí go bhfuil an-dul chun cinn déanta ar an tógáil. Tá inni uirthi fós, áfach, tar éis di labhairt leis an Stiúrthóir Náisiúnta um Sheirbhísí Meabhairshláinte Fóiréinsí agus le baill foirne cúram sláinte i bpríosúin, gur dócha go mbeidh sé dúshlánach fós rochtain a thabhairt do phríosúnaigh ar shaoráid chuí meabhairshláinte fóiréinsí d'othair chónaitheacha tar éis choimisiúnú na saoráide nua. Saincheist a shainaithin Séiplínigh Phríosúin freisin sna Tuarascálacha Bliantúla uathu don bhliain 2018 is ea an fhíric go bhfuil cúram agus cóireáil chuí meabhairshláinte in easnamh do phríosúnaigh. Le linn na bliana, tharraing an Cigire aird an Aire agus a chuid oifigeach ar an bhfíric go bhfuil an soláthar cuí cúram meabhairshláinte in easnamh go mór.

Le linn na gcuartheanna ar phríosúin, thug an Cigire faoi deara gur tháinig cásanna aníos ina raibh síceolaithe, fioclóirí agus múinteoirí neamhábalta bualadh le príosúnaigh nó ina raibh moill orthu déanamh amhlaidh toisc nach raibh aon oifigeach príosúin ar fáil chun an gairmí agus/nó an príosúnach a thionlacan chuig an gcoinne. Bhíodhas in ann é sin a thabhairt faoi deara ag deireadh mhí an Mheithimh go háirithe, i.e. deireadh na ráithe, ag an am a ídíodh an leithdháileadh acmhainní don tréimhse trí mhí. Ba é an toradh a bhí air sin go raibh sé riachtanach tús áite a thabhairt do phoist slándála, lenar áiríodh oifigh thionlacain chuig an gcúirt agus chuig an ospidéal, ach gan a bheith teoranta dóibh. Cuireadh in iúl don Chigire nach annamh a thagann an cás sin aníos ag deireadh na ráithe.

Sa bhliain 2013, thug an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) faisnéis beartais maidir le heagrú na sláinte príosúin san 21ú haois agus dheimhnigh sí an cur chuige um chearta an duine atá á chur chun cinn ag EDS le breis agus deich mbliana anuas i leith na sláinte príosúin.⁸ I dtaca lena meastar a bheith ina dhear-rialachas don tsláinte príosúin, thug an Sainghrúpa a d'ullmhaigh an fhaisnéis beartais aird ar 'Sláinte 2020', an creat beartais Eorpach don tsláinte, arb é an aidhm atá leis an éagothroime sláinte a laghdú ach rialachas na sláinte a fheabhsú.⁹ Maidir leis na socruithe institiúideacha don tsláinte príosúin, tháinig an Sainghrúpa ar na conclúidí seo a leanas:

- ▶ freagracht uile-rialtais is ea bainistiú agus comhordú a dhéanamh ar na gníomhaireachtaí agus na hacmhainní ábhartha uile a rannchuidíonn le sláinte agus folláine príosúnach;
- ▶ ba cheart d'aireachtaí sláinte seirbhísí cúram sláinte a sholáthar i bpríosúin, bheith cuntasach astu agus tacú le dálaí sláintiúla príosúin.

D'aithin an grúpa freisin gur próiseas fada é cúram sláinte príosúin a aistriú chuig an dlínse aireachtaí sláinte agus an tsláinte príosúin a chomhtháthú isteach i gcórais náisiúnta sláinte. Thug sé faoi deara gurb amhlaidh, chun rath a bhaint amach, nach mór do *"...rialtais an tiomantas polaitiúil is airde a thabhairt don phróiseas, cumarsáid iomlán a dhéanamh ar fud*

⁶ An Tuarascáil do Rialtas na hÉireann ar an gcuairt ar Éirinn a thug an Coiste Eorpach chun Céastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc ón 16 Nollaig go dtí an 26 Nollaig 2014. CPT/Inf (2015) 38.

⁷ An Freagra ó Rialtas na hÉireann ar an gcuairt ar Éirinn a thug an Coiste Eorpach chun Céastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc ón 16 Nollaig go dtí an 26 Nollaig 2014. CPT/Inf (2015) 39.

⁸ EDS (2013) Good Governance for prison health in the 21st century. Cóbanhávan: Oifig Réigiúnach na hEagraíochta Domhanda Sláinte don Eoraip. (http://www.euro.who.int/_data/assets/pdf_file/0017/231506/Good-governance-for-prison-health-in-the-21st-century.pdf).

⁹ Health 2020 policy framework and strategy. Cóbanhávan, Oifig Réigiúnach na hEagraíochta Domhanda Sláinte don Eoraip, 2012 (http://www.euro.who.int/_data/assets/pdf_file/0020/170093/RC62wd08-Eng.pdf).



*an lucht bainistíochta agus an phearsanra ar fad, agus na bearta praiticiúla a phleanáil agus a fhorghníomhú, lena n-áirítear na himpleachtaí buiséadacha riachtanacha uile agus aistriúcháin.*¹⁰

Bhí an Sainghrúpa den tuairim go raibh an chuma air go mbeadh éifeachtaí tairbhiúla ag gabháil le cur chuige uile-rialtais i leith na sláinte príosúin san fhadtéarma, lena n-áirítear¹¹:

- ▶ laghdú i rioscaí sláinte agus feabhas ar chosaint sláinte i bpríosúin;
- ▶ feabhas ar shláinte príosúnach;
- ▶ feabhas ar fheidhmíocht na gcóras náisiúnta sláinte;
- ▶ feabhas ar shláinte na bpobal díothach;
- ▶ feabhas ar shláinte phoiblí an phobail uile;
- ▶ feabhas ar chomhtháthú príosúnach sa tsochaí tar éis scaoileadh;
- ▶ laghdú sna rátaí athchiontúcháin agus athphríosúnachta agus laghdú i méid an daonra príosúin; agus
- ▶ méadú i gcreidiúnacht an rialtais ar bhonn iarrachtaí méadaithe cearta an duine a chosaint agus an éagothroime sláinte a laghdú.

I mí Feabhra 2018, foilsíodh na conclúidí ar Chruinniú Idirnáisiúnta EDS ar Phríosúin agus ar an tSláinte i Liospóin sa bhliain 2017.¹² D'fhreastail breis agus 100 saineolaí i réimse na sláinte príosúin agus i réimse na sláinte poiblí ó 30 tír agus ionadaithe do roinnt gníomhaireachtaí idirnáisiúnta ar an gcrúinniú. Chun úsáid drugaí agus na cineálacha gaolmhara dochair i bpríosúin a laghdú, eisíodh cuireadh chuig déantóirí beartais, chuig gairmithe sláinte agus ceartais agus chuig riarthóirí príosúin chun:

1. **Cur chun feidhme** a dhéanamh ar “chur chuige uile-rialtais” i leith cúram sláinte príosúin,¹³ á chinntiú go gcuirtear riachtanais chúram sláinte agus chúraim shóisialta na ndaoine i bpríosúin ar áireamh i ngach beartas, agus aird á tabhairt ar an ngá atá le comhtháthú idir an tsláinte príosúin agus na mórchórais sláinte poiblí agus chúraim shóisialta, agus príosúin á n-aithint mar thimpeallacht inar féidir aghaidh a thabhairt ar an éagothroime sláinte, sláinte a fheabhsú agus a chinntiú go mbíonn rochtain chothrom ann ar

sheirbhísí sláinte, rud a laghdódh athchiontú;

2. **Oibriú** laistigh de chreat um choibhéis torthaí cúram sláinte idir an príosún agus an pobal, rud a bheadh bunaithe ar riachtanas agus an ar an ngá atá le leanúnachas cúraim a bheith ann idir an pobal agus an príosún;
3. **Caitheamh** leis an duine ina iomláine nó ina hiomláine, lena n-áirítear tacaíocht shíceasóisialta agus cóireáil éifeachtach cógaseolaíochta a thabhairt, á aithint gur cheart mór-shaincheisteanna cúram sláinte agus cúraim shóisialta a chur san áireamh i gcóireáil in aghaidh spleáchas ar dhruaí;
4. **A chinntiú** go ndéanann fianaise taighde eolas don dearadh seirbhíse agus go meastar an soláthar seirbhíse trí shonraí iniúchóireachta agus/nó sonraí cur chun feidhme cuí ina gcuirtear san áireamh an timpeallacht príosúin agus an t-aistriú ó choimeád isteach sa phobal, rud lena n-éilítear obair comhpháirtíochta ilghníomhaireachta agus cur chuige ceannaireachta córas i leith na sláinte;
5. **Forbairt agus comhaontú** a dhéanamh ar íosléibhéil soláthar foirne (idir an fhoireann cúram sláinte agus an fhoireann coimeáda) agus ar an meascán scileanna; oiliúint chuí agus forbairt ghairmiúil chuí a chinntiú don fhoireann ar fad chun a chinntiú go gcuirtear feabhas ar an soláthar seirbhíse, agus aitheantas á thabhairt do na dúshláin a bhaineann le hobair i dtimpeallacht príosúin agus do na deiseanna atá ag gach ball foirne athshlánú a éascú agus atitímeachas a laghdú;
6. **A spreagadh** go n-úsáidfí pacáiste cuimsitheach seirbhísí na Náisiún Aontaithe chun aghaidh a thabhairt ar VEID, ar eitinn agus ar heipitíteas víreasach B agus C;¹⁴ agus tabhairt faoi bhearta athchóirithe príosúin chun roghanna eile ar chiontú nó ar phionósú a fhorbairt, a ghlacadh agus a chur chun feidhme as coireacht neamhfhoréigineach a bhaineann le drugaí agus laghdú a dhéanamh ar an úsáid iomarcach a bhaintear as coimeád (athchur faoi choimeád).

Athshlánú

Thug an Cigire dá haire an fháil ar raon leathan saoráidí agus clár le haghaidh athshlánú ar fud an

¹⁰ Féach fonóta 8, lgh 18-19.

¹¹ ibid

¹² 1) Tá na Conclúidí ó chruinniú idirnáisiúnta EDS ar phríosúin agus ar an tSláinte i Liospóin sa bhliain 2017 ar fáil ag <http://www.euro.who.int/en/health-topics/health-determinants/prisons-and-health/publications/2018/conclusions-of-the-who-international-meeting-on-prisons-and-health-2018>. Lch 3.

¹³ Féach fonóta 8 thuas.

¹⁴ An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú agus an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí. Systematic review on active case finding of communicable diseases in prison settings. Stócolm: ECDC; 2017 (<https://ecdc.europa.eu/sites/portal/files/documents/Systematic-review-on-communicable-diseases-in-prison-settings-final-report.pdf>)

eastáit phríosúin. Mar sin féin, ba chúis aiféala í a thabhairt faoi deara gur dúnadh na ceardlanna i roinnt limistéar chun cabhrú le hOifig Oiliúna Oibre a ath-imlonnú chuig poist oibríochtúla eile, mar shampla oifig shlándála agus oifig thionlacain chuig an gcúirt agus chuig an ospidéal. Bhí freastal maith ann ar na gníomhaíochtaí a breathnaíodh i gceardlanna agus in ionaid oideachais a bhí ar oscailt. Mhol na freastalaithe an oiliúint agus an t-oideachas a soláthraíodh.

Leag Gobharnóirí agus Príomhoifigigh béim ar na dúshlán atá acu a ról bhainistíochta a bharrfheabhsú maidir le hacmhainní a úsáid laistigh de phríosúin toisc go gceanglaítear orthu cloí le liosta post tosaíochta comhaontaithe agus nach mór dul i gcomhairle le Cumann na nOifigeach Príosúin ar leibhéal áitiúil agus/nó náisiúnta chun aon athrú a dhéanamh air. Ní mór cur ar chumas na nGobharnóirí comhlíonadh a dhéanamh ar an ról cuntasachta a thug an tOireachtas dóibh faoi Acht na bPríosún 2007 agus acmhainní a úsáid laistigh dá bpríosún sannta de réir mar is gá. Ar ndóigh, níor cheart dó sin dul i bhfeidhm ar shaincheistanna a bhaineann le téarmaí agus coinníollacha fostaíochta ball foirne. Is sainchúram é sin atá ar lucht bainistíochta Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, ag dul i gcomhairle di leis an lucht bainistíochta áitiúil agus le comhlachtaí ionadaíocha foirne.

Cóir agus Banphríosúnaigh

Ní bhíonn mná i bpríosún in Éirinn in ann rochtain a fháil ar an raon céanna roghanna coinneála a bhíonn ar fáil d'fhir.

Tá sé de cheart ag mná in Éirinn chun an chóir chéanna a fhagheann fir a fháil agus áirítear leis sin an soláthar cúram coinneála.

Fáiltítear roimh an bhforbairt caipitil atá á déanamh ar shaoráidí feabhsaithe do mhná i bpríosún meánmhéid slándála Luimnigh. Mar sin féin, teastaíonn roghanna eile ar choinneáil meánmhéid slándála do mhná, ar roghanna iad atá comhionann leo sin atá ar fáil d'fhir.

Gairmiúlacht na Foirne

Ar fud na gcuartheanna ar phríosúin, thug Oifig an Chigire Príosún dá haire gairmiúlacht agus tiomantas na foirne i gcúinsí a bhí dúshlánach agus a bhí contúirteach in amanna. Ar an drochuair, ní raibh sé sin amhlaidh i ngach cás. Ba chúis díomá í gur le linn ceann de na chéad chuartheanna a thángthamar ar oifigeach a dhiúltaigh do chéad isteach sa phríosún a thabhairt don Chigire. Bhí an chuma air go raibh sé ar meisce. Bhí boladh láidir alcóil ag

teacht as agus bhí deacrachtaí aige cárta aitheantais fhótagrafaigh an chigire a léamh. Cuireadh lucht bainistíochta an phríosúin ar an eolas ó bhéal faoin teagmhas lom láithreach agus chuir an Cigire tuairisc ar an teagmhas faoi bhráid an lucht bainistíochta sa phríosún lenar bhain ina dhiaidh sin.

Séiplíneacht

Bhuail Oifig an Chigire Príosún le roinnt séiplíneach príosúin sa bhliain 2018. Chomh maith leis sin, fuair an Oifig cóip de na Tuarascálacha Bliantúla don bhliain 2018 ó na Séiplínigh dóibh seo: Príosún Chnoc na Seamar, Ionad Coinneála Pháirc na Cruithneachta, Príosún Dóchas do Mhná, Príosún Mhuinseo, Príosún Luimnigh, Príosún an Láir Tíre agus Príosún Chnoc an Arbhair. Ról bunriachtanach seanbhunaithe le roinnt mhaith blianta anuas is ea ról na Séiplíneachta laistigh de chóras príosún na hÉireann. Is dea-rud é a thabhairt faoi deara gur earcaíodh baill foirne bhuana sa bhliain chun roinnt folúntas a líonadh. Dá ainneoin sin, is amhlaidh fós go bhfuil an tseirbhís séiplíneachta faoi bhrú agus nach bhfuil dóthain acmhainní aici, go háirithe sna príosúin mhóra. Is díol suntais é an líon oibríthe deonacha a thugann tacaíocht agus cabhair don tseirbhís séiplíneachta. Bheadh an tseirbhís ag streachailt mura mbeadh siad ann.

Tá an tseirbhís séiplíneachta ar fud an eastáit phríosúin ina taca bunriachtanach do phríosúnaigh agus dá ndaoine muinteartha agus cabhraíonn sí le naisc a choinneáil ar bun leis an bpobal. Ina theannta sin, soláthraíonn sí léargas tábhachtach ar shaol an phríosúnaigh agus an bhaill foirne araon i bpríosún. Nasc tábhachtach do phríosúnaigh agus dá ndaoine muinteartha is ea rochtain ar chuartheanna. Shainaithin séiplínigh roinnt deacrachtaí éagsúla maidir le cuairteanna, rud a thug Oifig an Chigire Príosún faoi deara freisin. Áirítear na nithe seo a leanas leis na deacrachtaí ar thángthas orthu: níor tugadh freagra ar ghlaonna teileafóin chun coinní cuairte a shocrú; ní raibh go leor fála ar chuartheanna ann chun freastal ar an éileamh agus cloí leis na ceanglais reachtacha; agus bhí moilleanna ann ar phríosúnaigh agus/nó ar chuariteoirí a thionlacan chuig limistéir chuarite. D'eisigh Oifig an Chigire Príosún comhfhreagras chuig Gobharnóir príosúin ar leith go luath sa bhliain 2018 chun béim a leagan ar shaincheistanna a bhaineann le cuairteanna ar phríosúnaigh. Is saincheist í sin nach mór tuilleadh airde a thabhairt uirthi.

Chun ról na Séiplíneachta laistigh den chóras príosún a uasmhéadú, moltar go gceapfaí Príomhshéiplíneach a mbeadh an t-údarás cuí aige agus a mbeadh freagrachtaí maoirseachta cuí air. Is ról é sin atá

folamh ó bhí an bhliain 2015 ann. Chabhródh an ról sin leis an soláthar seirbhíse a chaighdeánú. Moltar freisin go ndéanfaí breithniú ar chórais bhreithe a thabhairt isteach trína rannchuidíonn an tseirbhís séiplíneachta ar leibhéal sinsearach le forbairt beartas straitéiseach Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. D'fhágadh sé sin go gcuirfí ionchur na Séiplíneachta mar thacadóir príosúnach san áireamh le linn treo na seirbhíse príosún sa todhchaí a phleanáil.

3.2 An Córas um Ghearáin ó Phríosúnaigh

Iarrann Oifig an Chigire Príosún ar gach príosún sonraí a chur isteach gach mí i ndáil le gearáin. Toisc gur cuireadh tuairisceáin neamhiomlána isteach, ní féidir anailís a dhéanamh ar shonraí na bliana 2018 i ndáil leis na catagóirí gearán uile i bPríosún. Tharraing an Cigire an ní sin anuas an 11 Iúil 2018 leis an Ard-Stiúrthóir ar Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ag an am.

I mí an Mheithimh 2016, d'fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais tuarascáil ón gCigire Príosún dar teideal “*Review, Evaluation and Analysis of the Operation of the present Irish Prison Service Prisoner Complaints Procedure*”.¹⁵ Sainaithníodh sa tuarascáil go raibh easnaimh shuntasacha ann maidir le hoibriú an nós imeachta maidir le gearáin ó phríosúnaigh. Rinneadh 17 moladh inti mar seo a leanas:

1. Faoi réir mholadh 3, ní mór do phríosúnaigh bheith i dteideal gearáin a thabhairt os comhair údarás breithiúnach nó údarás eile;
2. Ba cheart don Ombudsman bheith ar an ‘údarás breithiúnach nó údarás eile’ dá dtagraítear i Moladh 1;
3. Seachas i gcás moill mhíchúí ar na gearáin uathu a imscrúdú, ní mór do phríosúnaigh dul trí nós imeachta inmheánach an phríosúin maidir le gearáin sula dtugann siad na gearáin uathu os comhair údarás breithiúnach nó údarás eile (Moladh 1);
4. D'fhéadfaí gearáin a chatagóiriú mar seo a leanas lena n-imscrúdú go hinmheánach sa chóras príosún: Catagóir A ('gearán tromchúiseach') agus Catagóir B (gearán neamh-thromchúiseach);
5. Ní mór sásra láidir imscrúdúcháin a chur i bhfeidhm i bpríosúin chun a chinntiú go ndéanfar imscrúdú cuí ar ghearáin Chatagóir A;
6. Ba cheart gearáin Chatagóir B a réiteach ar an leibhéal is ísle is féidir;
7. Ba cheart do phríosúnaigh bheith i dteideal gearáin a dhéanamh le comhlachtaí gairmiúla iomchuí;

8. Ba cheart do phríosúnaigh bheith i dteideal mínithe a lorg ar chinntí arna ndéanamh ag Ceannteathrú Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, ag Gobharnóirí agus ag daoine eile;
9. Ní mór aghaidh a thabhairt ar ghearáin atá Suaibhreasach agus Cráiteach;
10. Ní mór nósanna imeachta cothroma a bheith i bhfeidhm i ngach imscrúdú;
11. Ní mór oiliúint ábhartha leordhóthanach sa phróiseas um ghearáin ó phríosúnaigh a thabhairt do na baill foirne iomchuí uile;
12. Ní mór cloí leis na hoibleagáidí agus na dualgais reachtúla uile faoi phrótacail chomhaontaithe;
13. Ní mór do bhaill foirne príosúin ar gach leibhéal, ón Ard-Stiúrthóir chuig Oifigeach Príosúin is Earcach, a choimeád cuntasach as a ngníomhartha agus/nó a n-earráidí;
14. Ní mór do na baill foirne uile, ón Ard-Stiúrthóir chuig Oifigeach Príosúin is Earcach, a chinntiú nach gcuirfidh cultúr Sheirbhís Phríosúin na hÉireann bac ar struchtúr um ghearáin ó phríosúnaigh a oibriú;
15. Ní mór córas éifeachtach cumarsáide a chur i bhfeidhm;
16. Ba cheart don Chigire Príosún, a dhéanfaidh formhaoirseacht ar an nós imeachta maidir le gearáin ó phríosúnaigh, athbhreithnithe tréimhsiúla a dhéanamh ar oibriú an nós imeachta;
17. Má ghlactar leis na moltaí ón gCigire Príosún, beidh sé riachtanach athruithe a dhéanamh lom láithreach ar an Reachtaíocht Phríomha agus an Reachtaíocht Thánaisteach.

Is eol don Oifig seo gurb amhlaidh, ag teacht sna sála ar an tuarascáil thuasluaite, go bhfuil Seirbhís Phríosúin na hÉireann ag bogadh i dtreo córas athbhreithnithe gearáin a thabhairt isteach, rud a mbeidh córas cuimsitheach bainistíochta faisnéise ag tacú leis. Fáiltítear roimh an mbeart sin. Tugtar faoi deara go soláthrófar straitéis cumarsáide agus oiliúint i gcumarsáid. Tá sé ina bhunriachtanas go soláthrófar acmhainní tiomnaithe sa bhliain 2019 chun go gcuirfear chun feidhme an córas athbhreithnithe gearáin. Slat tomhais shármhaith le haghaidh an soláthar seirbhíse a mheas is ea córas láidir gearáin. Cabhraíonn sé freisin le bearta coisctheacha a chur chun feidhme chun rioscaí a mhaolú. Is é an toradh a bheidh ar an sásra achomhairc atá le soláthar d'Oifig an Ombudsman ná go gcaithfear le gearáin sa chóras príosún ar an mbealach céanna a chaithfear le gearáin ó na mórsheirbhísí poiblí.

¹⁵ An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (2016) “Review, Evaluation and Analysis of the Operation of the present Irish Prison Service Prisoner Complaints Procedure”. <http://www.justice.ie/en/JELR/Pages/Publications-prisons-and-probations>

¹⁶ I.R. Uimh 11 de 2013.

3.2.1 Anailís ar Fhógraí faoi Ghearáin Chatagóir A

Cuireadh tús le Rialacha na bPríosún (Leasú) 2013¹⁶ an 14 Eanáir 2013. Tugadh isteach leo forálacha breise (Riail 57A agus Riail 57B) i dtaca le nósanna imeachta maidir le gearáin ó phríosúnaigh, faoi mar a leagadh amach i Rialacha na bPríosún 2007.

Tá feidhm ag Riail 57B maidir le gearán ar bith arna dhéanamh ag aon duine tar éis an dáta thuasluaite, i gcás go líomhnaítear sa ghearán sin go ndearnadh ionsaí ar phríosúnach nó gur úsáideadh in aghaidh príosúnaigh fórsa iomarcach, drochíde, mí-úsáid chiníoch, idirdhealú, imeaglú, bagairtí nó aon iompar eile atá de chineál agus de thromchúis ar dóigh dó nó di míchlú a tharraingt ar Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Tá oibleagáidí dlíthiúla áirithe ar Ghobharnóirí Príosúin agus ar Ard-Stiúrthóir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann maidir le fógraí agus maidir le tuarascálacha agus cinntí réasúnaithe a thabhairt don Chigire Príosún i dtaca le gearáin den sórt sin. Tugann Seirbhís Phríosúin na hÉireann 'Gearáin Chatagóir A' ar na gearáin a dhéantar faoin riail seo.

Sa bhliain 2018, tugadh fógra d'Oifig an Chigire Príosún faoi naoi ngearán Chatagóir A is seachtó (79) a bhain le naoi (9) bpríosún. Ní bhfuarthas aon fhógra faoi ghearáin Chatagóir A ó Phríosún Chnoc an Arbhair, ó Ionad Coinneála Theach an Locháin ná ó Ionad Coinneála Theach na gCanónach (Tábla 2).

Tábla 2: Fógraí faoi Ghearáin Chatagóir A a tugadh don Chigire Príosún

PRÍOSÚN	FÓGRAÍ SA BHLIAIN 2018 FAOI GHEARÁIN CHATAGÓIR A
Príosún an Chaisleáin Riabhaigh	16
Príosún Chnoc na Seamar	16
Príosún Chorcaí	4
Ionad Dóchas	4
Príosún Luimnigh	1
Príosún an Láir Tíre	18
Príosún Mhuinseo	8
Príosún Phort Laoise	8
Ionad Coinneála Pháirc na Cruithneachta	4
Iomlán	79

Tá achoimre i dTábla 3 ar cheanglais agus comhlíonadh Riail 57B. Ba cheart a thabhairt faoi

deara gur bunaithe ar na fógraí a fuarthas ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann atá an fhaisnéis a tugadh agus nach raibh Oifig an Chigire Príosún in ann na sonraí a fuarthas a fhíorú go neamhspleách. Tugtar le fios sna sonraí nach raibh Seirbhís Phríosúin na hÉireann ag comhlíonadh cheanglais tuairiscithe Riail 57B de Rialacha na bPríosún 2007-2017 sa bhliain 2018 maidir leis an gCigire Príosún. Is réimse é sin nach mór tuilleadh airde a thabhairt air.

An 3 Nollaig 2018, d'eisigh an Cigire comhfhreagras chuig Ard-Stiúrthóir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann de réir fhorálacha Riail 57B(12) de Rialacha na bPríosún 2007-2017. Sa chomhfhreagras sin, iarradh soiléire i dtaca le Tuarascáil ar Ghearán Chatagóir A ar leith agus leis an gcinneadh gaolmhar ón nGobharnóir. Fuarthas freagra substainteach an 8 Nollaig 2018 inar leagadh amach na srianta i Rialacha na bPríosún (Cód Araíonachta d'Oifigigh) 1996¹⁷ agus an rún aistriú chuig Cód Araíonachta na Státseirbhíse a luaithe a réiteofaí bacainní dlíthiúla áirithe.

Tábla 3: Fógraí a tugadh don Chigire Príosún de réir Riail 57B de Rialacha na bPríosún 2007 – 2017

Riail 57B de Rialacha na bPríosún 2007-2017	Líon agus (%) Comhlíonta
Fógraí faoi ghearáin Chatagóir A	líon = 79
Fógra ón nGobharnóir don Chigire Príosún laistigh de 7 lá ó fhógra a fháil faoin ngearán [57B(4)]	65 (82%)
Tugtar fógra don Chigire Príosún faoi cheapadh na foirne imscrúdaithe [57B(5)(a)]	0 (0%)
Gearáin a mheas Ard-Stiúrthóir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann a bheith cráiteach, gan bhunús nó lasmuigh de raon feidhme na rialach agus a foirceannadh. Tugtar fógra faoin gcinneadh agus na cúiseanna leis an gcinneadh don Chigire Príosún [57B(5)(b)]	líon = 4 4 (100%)
Gearáin a tharraing príosúnaigh siar agus ar ina leith a chinn an tArd-Stiúrthóir gur cheart an t-imscrúdú a fhoirceannadh. (A) cuirtear an Cigire Príosún ar an eolas agus (b) taifeadtar na cúiseanna. [57B(5)(c)]	líon = 7 (a) 7 (100%) (b) 5 (71%)

¹⁷ I.R. Uimh. 289 de 1996.



Gearáin a tugadh ar aghaidh chuig imscrúdú	líon = 68
Tuarascálacha iomlána cigireachta a fuair an Cigire Príosún	22 (32%)
Tuarascálacha eatramhacha a cuireadh faoi bhráid an Chigire Príosún	0 (0%)
An líon Tuarascálacha Imscrúdaithe a fuarthas i gcás gur tugadh foras leis an ngearán nó gur seasadh leis	2 (9%)

3.3 Litreacha ó Phríosúnaigh

De réir Riall 44(1)(h) de Rialacha na bPríosún 2007-2017, tá príosúnach i dteideal litir neamhoscailte a sheoladh chuig an gCigire Príosún agus litir neamhoscailte a fháil uaithi.

Le linn na bliana 2018, fuair an Cigire Príosún aon litir is seachtó (71) ó chúig phríosúnach is daichead (45) a bhain le deich (10) bpríosún agus le hIonad Coinneála Pháirc na Cruithneachta. Ní bhfuarthas aon litreacha ó phríosúnaigh in Ionad Coinneála Theach an Locháin. Léirítear i dTábla 4 an príosún/ an t-ionad coinneála óna bhfuarthas litreacha príosúnaigh agus an mhí ina bhfuarthas iad.

I gcás go ndearnadh tagairt i rialacha Riall 44(l)(h) do ghearán, chuir Oifig an Chigire Príosún in iúl

do na príosúnaigh lenar bhain nach bhfuil aon ról reachtúil aici i dtaca le gearáin aonair. Rinneadh ceithre iarraidh ar bhualadh leis an gCigire Príosún. Cuireadh in iúl do na príosúnaigh lenar bhain go mbuailfeadh Oifig an Chigire Príosún leo agus í sna príosúin ábhartha chun dualgais reachtúla a chomhlíonadh. Tugadh cuairt ar bheirt phríosúnach i bPríosún Mhuinseo an 29 Márta 2018 agus tugadh cuairt ar bheirt i bPríosún an Láir Tíre an 7 Márta 2018 agus an 16 Deireadh Fómhair 2018 faoi seach. Bhain na litreacha eile leis na réimsí seo a leanas:

- ▶ Iarraidh ar shoiléire maidir le Beartas Sheirbhís Phríosúin na hÉireann i dtaca le cuairt a bheith á tabhairt ag iarphríosúnaigh ar phríosúnaigh;
- ▶ Iarrataí ar Scaoileadh Sealadach;
- ▶ Gearáin maidir le bia;
- ▶ Gearáin a fuarthas maidir leis na deacrachtaí atá ag teaghlaigh coinní a dhéanamh le haghaidh cuairteanna;
- ▶ Gearáin maidir leis an rochtain ar chúram sláinte (cúram meabhairshláinte/cúram fiacra);
- ▶ Gearáin maidir le hearraí caillte;
- ▶ Litreacha ina gcuirtear in iúl don Chigire Príosún gur cuireadh gearáin isteach a measann na príosúnaigh lena mbaineann gur gearáin Chatagóir A iad; e.g. líomhaintí go ndearna oifigigh phríosúin ionsaí ó bhéal nó ionsaí fisiciúil.

Tábla 4: Litreacha ó Phríosúnaigh chuig an gCigire Príosún sa bhliain 2018

Príosún / Ionad Coinneála	Ean.	Feabh.	Márta	Aib.	Beal.	Meith.	Iúil	Lún.	MF	DF	Samh.	Noll.	Fo-iomlán
Príosún Chnoc an Arbhair				1							2		3
Príosún an Chaisleáin Riabhaigh	3	1	1	2			1					1	9
Príosún Chnoc na Seamar	1	1		1			4		1		1		9
Príosún Chorcaí						1							1
Ionad Dóchas								1					1
Príosún Luimnigh	1							1					2
Príosún an Láir Tíre	1	1			1		3	1	1	4	1		13
Príosún Mhuinseo		2	3	1	3	3		1					13
Príosún Phort Laoise				2	1					1		1	5
Ionad Coinneála Theach na gCanónach		2					1	1		3	1		8
Ionad Coinneála Pháirc na Cruithneachta			2	1					1	2	1		7
Iomlán	6	7	6	8	5	4	9	5	3	10	6	2	71

3.4 Imscrúduithe

3.4.1 Básanna faoi Choimeád

De bhun alt 31(2) d'Acht na bPríosún 2007, d'iarr an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a bhí ann ag an am ar Oifig an Chigire Príosún sa bhliain 2012 imscrúdú a dhéanamh ar gach bás faoi choimeád, lena n-áirítear bás duine atá ar Scaoileadh Sealadach/ar scaoileadh ar Cheadúnas sa phobal. Le linn na bliana 2018, d'iarr agus fuair an Cigire soiléire i dtaca le himscrúduithe ar bhásanna faoi choimeád i measc daoine a bhí ina gcónaí faoi cheadúnas sa phobal ar feadh lear blianta. Ní fhéadfaidh an Oifig imscrúduithe a dhéanamh ar na básanna sin anois ach amháin i gcás go mbaineann siad le daoine a fuair bás laistigh de mhí amháin óna scaoileadh sealadach ó phríosún.

Is iad seo a leanas na cuspóirí atá ag imscrúduithe an Chigire Príosún ar bhásanna faoi choimeád:

- ▶ Imthosca agus imeachtaí an bháis a dhéanamh amach, lena n-áirítear an cúram sláinte a sholáthair Seirbhís Phríosúin na hÉireann;
- ▶ A scrúdú an bhféadfaí nó nach bhféadfaí bás comhchosúil a chosc sa todhchaí dá ndéanfaí aon athruithe ar mhodhanna oibriúcháin, beartais, cleachtais nó socruithe bainistíochta Sheirbhís Phríosúin na hÉireann;
- ▶ A chinntiú go mbeidh deis ag daoine muinteartha an phríosúnaigh aon ábhair imní atá acu a tharraingt anuas agus go gcuirfear san áireamh iad san imscrúdú; agus
- ▶ Cabhrú le hoibleagáid imscrúdaithe an Chróinéara faoi Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine trína chinntiú a mhéid is féidir go dtugtar na fíricí iomlána chun solais, go nochtar aon laige ábhartha, go sainaithnítear aon chleachtas inmholta agus go bhfoghlaimithear aon cheachtanna ón mbás.

An 1 Eanáir 2018, bhí imscrúdú á dhéanamh ar chúig (5) bhás a tharla sa bhliain 2017. Bhí dul chun cinn difriúil déanta ar na himscrúduithe.

Tharla sé bhás déag (16) faoi choimeád idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2018, agus an dá dháta sin san áireamh. Fuair naonúr (9) fearphríosúnach bás i bpríosúin. Díobh sin, tharla dhá (2) bhás i bPríosún Chorcaí, trí (3) bhás i bPríosún an Láir Tíre, trí (3) bhás i bPríosún Mhuinseo agus bás amháin (1) in Ionad Coinneála Pháirc na Cruithneachta.

Fuair seachtar (7) bás agus iad ar scaoileadh sealadach ó phríosún le linn na tréimhse céanna. Fuair beirt (2) bhanphríosúnach bás agus iad ar scaoileadh ó Ionad Dóchas bás, agus fuair fearphríosúnach amháin (1) ó na príosúin seo a

leanas bás agus iad ar scaoileadh - Príosún an Chaisleáin Riabhaigh, Príosún Chorcaí, Príosún Mhuinseo, Príosún an Láir Tíre agus Ionad Coinneála Theach na gCanónach.

Bhí sé riachtanach aon imscrúdú is fiche (21) ar bhásanna faoi choimeád a chur i gcrích sa bhliain 2018. Rinneadh naoi (9) dtuarascáil ar bhásanna faoi choimeád a chur i gcrích agus a chur faoi bhráid an Aire sa bhliain 2018.

Sa bhliain 2018, d'fhoilsigh an tAire cúig thuarascáil déag (15) ar bhásanna faoi choimeád, a bhí mar seo a leanas: ceann amháin (1) ón mbliain 2016; deich (10) gcinn ón mbliain 2017 agus ceithre (4) cinn ón mbliain 2018.

Mar a luadh roimhe seo, sannadh an fhreagracht as básanna faoi choimeád a imscrúdú don Chigire Príosún sa bhliain 2012 faoi fhorálacha alt 31(2) d'Acht na bPríosún 2007. Bhí riaráiste cásanna ann ó bhliain go bliain ó bhí an bhliain 2014 ann. Is é an toradh atá air sin go bhfuil moill ann ar thuarascálacha imscrúdaithe tráthúla ar bhásanna faoi choimeád a chur i gcrích agus go bhfuil deis chostas gaolmhar ann, toisc nach bhfuil aon acmhainní ar fáil le haghaidh cigireacht a dhéanamh ar phríosúin.

Teastaíonn rochtain ar thaifid chun a chinntiú go ndéantar imscrúduithe cuí ar bhásanna faoi choimeád. D'iarr an Cigire Príosún comhairle dlí neamhspleách maidir leis na cumhachtaí atá aici faoi Acht na bPríosún 2007 chun taifid leighis iomchuí a rochtain i gcás básanna faoi choimeád. Ba é an chomhairle a tugadh ná go bhfuil an t-údarás ag an gCigire taifid den sórt sin a rochtain. Tá an chomhairle sin ag teacht salach ar an gcomhairle a fuair Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an Cigire Príosún ó Oifig an Ard-Aighne, a mhol go ndéanfaí leasú reachtach. Cuireadh an méid sin in iúl don Aire. Moillítear agus batar imscrúduithe ar bhásanna faoi choimeád i gcás nach bhfaightear toiliú ón neasghaol le taifid leighis ábhartha a rochtain. Sa bhliain 2018, d'iarr an Cigire Príosún cabhair ó Ambasáid chun teagmháil a dhéanamh leis na gaolta le príosúnach nach maireann a bhí ina gcónaí lasmuigh den dlínse. Tagann fadhbanna chun cinn freisin i gcásanna nach dtugann príosúnach ainm a neasghaol ar chimiú toisc nach féidir taifid den sórt sin a rochtain dá bharr.

3.4.2 Réamh-Imscrúdú ar Líomhaintí Áirithe maidir le hÉagóiritheoireacht i Seirbhís Phríosúin na hÉireann

An 22 Samhain 2018, fuair an Cigire Príosún iarraidh ón Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoi alt 31(2) d'Acht na bPríosún 2007 ("an tAcht")



go ndéanfaí réamh-imscrúdú ar líomhaintí maidir le héagóiritheoireacht i Seirbhís Phríosúin na hÉireann, ar líomhaintí iad a tuairiscíodh san Irish Examiner ar an dáta céanna.

An 8 Nollaig 2018, tugadh don Chigire na Téarmaí Tagartha don imscrúdú agus an Mhionnscribhinn Fhorlíontach a bhí i gceangal, rud a mhionnaigh oifigeach príosúin ar seirbhís i dtaca le hlmeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh san Ard-Chúirt. Ba é an cuspóir luaite a bhí leis an réamh-imscrúdú ná na fíorais a bhaineann leis na líomhaintí sonracha a bhunú a mhéid ab fhéidir ionas go bhféadfaí cinneadh a dhéanamh ar an ngá a bheadh ann le haon fhiosrúchán eile. Iarradh ar an gCigire an tuarascáil uaithi a chur faoi bhráid an Aire faoi dheireadh mhí Feabhra 2019 nó a luaithe ab fhéidir ina dhiaidh sin, ar tuarascáil í ina mbeadh aon chinntí fíorais agus aon mholtaí le haghaidh tuilleadh gníomhaíochta. Chun an t-imscrúdú a chríochnú laistigh den tréimhse ama leithdháilte, cuireadh obair laethúil na hOifige siar fad a bhí an t-imscrúdú ar siúl. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Aire an 12 Márta 2019 de réir alt 31(2) den Acht.

3.5 An Dréachtscéim den Bhille um Chigireacht ar Ionaid Choinneála, 2014

Fuair Cigire na bPríosún cuireadh ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais aighneacht a dhéanamh maidir leis an Dréachtscéim den Bhille um Chigireacht ar Ionaid Choinneála, 2014. Chuir an Cigire na tuairimí uaithi isteach an 20 Meán Fómhair 2018.

3.6 Gníomhaíochtaí Gaolmhara

3.6.1 Oiliúint

Thapaigh Oifig an Chigire Príosún an deis chun bualadh le hOifigh Phríosúin is Earcach faoi oiliúint. Cuireadh ról agus feidhmeanna na hOifige i láthair seacht ngrúpa oiliúnaithe ar na dátaí seo a leanas le linn na bliana: 9 Márta, 10 Aibreán, 23 Bealtaine, 18 Iúil, 6 Meán Fómhair, 6 Samhain agus 21 Nollaig.

3.6.2 Comhdháil

Ghlac an Cigire Príosún le cuireadh freastal ar Chomhdháil Náisiúnta Altraí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, an chéad cheann dá cineál, agus labhairt lena linn an 15 agus an 16 Samhain i gColáiste Oiliúna Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, Teach Stack, Port Laoise. Tá altraí ag obair sa chóras príosún le 20 bliain

anuas. Tá 151 altra agus triúr feighlithe ospidéal ag obair ar fud an chórais phríosúin faoi láthair. Chuir an coiste eagraithe clár gairmiúil le chéile don imeacht agus cuireadh spéis mhór ann. Fianaise air sin is ea go raibh níos mó ná 70% de na daoine ar tugadh cuireadh dóibh chuig an gcomhdháil i láthair. Fuarthas 20 cur i láthair ó 22 altra thar an dá lá, agus raon éagsúil topaicí á gcumhdach lena linn. Fuarthas 9 gcur i láthair póstaer ó sheachtar altraí freisin. Taispeánadh iontu ar fad an raon leathan saineolais altranaís atá ann laistigh de chóras príosún na hÉireann. Tháinig fionnachtana agus moltaí sna réimsí seo a leanas as an díospóireacht a rinneadh le linn grúpaí oibre ag an gcomhdháil agus as na ceistneoirí aiseolais a comhlánaíodh ina leith: forbairt ghairmiúil; forbairt oideachasúil; forbairt cleachtais; comhar gairmiúil; agus frustrachas foirne. Dhá pháipéar¹⁸ a cuireadh i láthair ag an gcomhdháil, seoladh iad chuig an Journal of Correctional Health Care ina dhiaidh sin agus glacadh leo lena bhfoilsíú sa bhliain 2020.

3.7 Cumarsáid Sheachtrach

3.7.1 Lontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil

Thug an Cigire Príosún eochairaitheasc ag seoladh an fhoilseacháin ó lontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil dar teideal *Dul Chun Cinn sa Chóras Coiriúil 2018*. Cumhdaítear sa tuarascáil sin réimsí an-éagsúil den bheartas pionósach, lena n-áirítear dálaí príosúin, córais agus rochtain ar oideachas agus ar sheirbhísí. Mar aon le labhairt faoin tuarascáil, bhí deis ag an gCigire freisin machnamh a dhéanamh ar an bhfís do ról na hOifige, ar a thábhachtaí atá cearta an duine agus cigireacht agus ar an tóir ar dhul chun cinn a bhaint amach laistigh den chóras príosún.

3.7.2 An Sainlónra um Fhormhaoirseacht Sheachtrach ar Phríosúin agus um Chearta an Duine

Chuir an Cumann Idirnáisiúnta Smachtaithe agus Príosún (ICPA) Sainlónra um Fhormhaoirseacht Sheachtrach ar Phríosúin agus um Chearta an Duine ar bun sa bhliain 2018. Ghlac an Cigire Príosún le cuireadh a bheith ina comhalta den líonra. Is é an cuspóir atá leis faisnéis agus dea-chleachtais a gnóthaíodh agus ceachtanna a foghlaimíodh maidir le formhaoirseacht éifeachtach sheachtrach a dhéanamh ar phríosúin a chomhroinnt agus oscailteacht, trédhearcacht agus cuntasacht a mhéadú i measc údarais phríosúin. Cuimsíonn an líonra cúig chomhalta is seasca (65) ó fhiche (20) tír, Éire ina measc.

¹⁸ "A Qualitative Policy Study Exploring the Possibility and Potential Delivery of needle and Syringe Exchange Programmes in Irish Prisons." Jay P Rosalim, RGN, RNP, BSc, MSc (ADP), Oifigeach Altranais, Ionad Coinneála Pháirc na Cruithneachta.


"Service Provision Study on the Implementation of Nurse-Led Clinic in Irish Judicial System." Jay P Rosalim, RGN, RNP, BSc, MSc (ADP), Oifigeach Altranais, Ionad Coinneála Pháirc na Cruithneachta.

4.0 Faisnéis Airgeadais

Cistítear Oifig an Chigire Príosún ó Fho-mhírcheann A.3 de Vóta Oifig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Fuair an Oifig leithdháileadh tosaigh €391,000 sa bhliain 2018. Ba le meastachán forlíontach a cuireadh suim €172,000 eile le

leithdháileadh na hOifige i mí na Samhna 2018, agus é ag méadú go €563,000. Ag an 31 Nollaig 2018, thuairiscigh an Oifig caiteachas €538,000 don bhliain ar fad. Bhí coigilteas €25,000 aici, bunaithe ar an leithdháileadh méadaithe €563,000.

	Leithdháileadh Buiséid 2018	Meastachán Forlíontach - Samhain	Leithdháileadh athbhreithnithe (an leithdháileadh forlíontach san áireamh) 2018	Toradh Iarbhír 2018
Pá	€265,000	€107,000	€372,000	€370,000
Neamhphá	€126,000	€65,000	€191,000	€168,000
Iomlán	€391,000	€172,000	€563,000	€538,000



5.0 Nochtadh Cosanta

Tá an Beartas um Nochtadh Cosanta ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais glactha ag Oifig an Chigire Príosún mar bheartas lena rialaítear nochtadh cosanta san áit oibre. Ar aon dul leis na ceanglais tuairiscithe a ghabhann leis sin, deimhnítear leis seo nach bhfuarthas aon tuairiscí nochta chosanta sa bhliain 2018.


Rinne oifigeach príosúin ar seirbhís teagmháil le hOifig an Chigire Príosún i mí Mheán Fómhair

2018. Chuir an t-oifigeach in iúl gur bhuail sé leis an iar-Chigire agus leis an gCigire Gníomhach agus d'iarr sé cruinniú leis an sealbhóir poist reatha. Bhuail an Cigire leis an oifigeach lenar bhain an 30 Meán Fómhair 2018, ar lena linn a mhínigh sí an ról atá ag Oifig an Chigire Príosún. Bhí an t-oifigeach ar an eolas nach raibh aon ról ag an Oifig i dtaca le nochtadh cosanta laistigh den tseirbhís príosún. Chuir sé in iúl go raibh sé ag déileáil leis an ní.

6.0 An Dualgas Earnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Glacann Oifig an Chigire Príosún leis na freagrachtaí atá uirthi faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, agus tá sí tiomanta dá chinntiú go gcomhlíonfaidh sí na freagrachtaí sin. Leis an Acht, leagtar oibleagáid dhearfach ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt, le linn dóibh a gcuid feidhmeanna

a chur i gcrích, ar an ngá atá ann le deireadh a chur leis an idirdhealú, leis an gcomhionannas deiseanna a chur chun cinn agus le cearta an duine atá ag na baill foirne agus na daoine a soláthraítear seirbhísí dóibh a chosaint. Dá réir sin, chuir Oifig an Chigire Príosún an dualgas sin ag croílár a cuid gníomhaíochtaí le linn na bliana 2018.



7.0 Rialachas agus Rialuithe Inmheánacha

Tá Oifig an Chigire Príosún neamhspleách i gcomhlíonadh a feidhmeanna agus tuairiscíonn sí don Aire maidir le nithe rialachais. I mí Iúil 2018, d'iarr an Cigire go gcuirfí Comhaontú Dearbhaithe Rialachais Chorporáidigh i bhfeidhm. Aontaíodh leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ansin go ndéanfaí amhlaidh. Rannchuidigh an dá pháirtí le dréacht-Chomhaontú, atá le tabhairt chun críche go fóill.

Cuireadh an fhoráil “comhlíonadh nó míniú” den *Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit* (2016) i bhfeidhm i leith Oifig an Chigire Príosún. Toisc go dtagann an Oifig faoin Vóta Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Vóta 24), níl a hAonad Iníúcháireachta Inmheánaí ná a Coiste Iníúcháireachta agus Riosca féin aici. Ní cheanglaítear uirthi Ráitis Bhliantúla Airgeadais a thabhairt ar láimh ach oiread. Tá rochtain ag an Oifig ar fheidhm Iníúcháireachta Inmheánaí agus Coiste Iníúcháireachta Inmheánaí agus Riosca na Roinne maidir le nithe rialachais airgeadais. Tuairiscíonn Aonad Bainistíochta Airgeadais na Roinne ar ioncam agus caiteachas na hOifige sna tuarascálacha míosúla bainistíochta uaidh. Caitheann an Cigire súil ar na tuarascálacha míosúla ansin. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go n-údarófar aon chaiteachas de réir bheartais agus nósanna imeachta na Roinne. Comhlíonann an Oifig na hoibleagáidí atá uirthi faoin dlí cánach.

Tá Comhaontú Próiseála Sonraí i bhfeidhm idir an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus

Oifig an Chigire Príosún. De réir chlásal 5.7 den Chomhaontú Dearbhaithe Rialachais Chorporáidigh dar dáta an 5 Márta 2017, soláthraíonn an Rannóg TFC sa Roinn seirbhísí TFC d'Oifig an Chigire Príosún.

Ceanglaítear leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit 2006 go soláthrófaí Ráiteas faoi Rialuithe Inmheánacha. Ceanglaítear ar an gCigire Príosún a dheimhniú go bhfuil rialuithe éifeachtacha i bhfeidhm laistigh d'Oifig an Chigire Príosún. Baineann an Ráiteas faoi Rialuithe Inmheánacha leis na rialuithe uile atá i bhfeidhm in Oifig an Chigire Príosún, lena n-áirítear rialuithe a bhaineann le nithe TFC. An 16 Bealtaine 2019, dheimhnigh an Rannóg TFC sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais gurbh amhlaidh, de réir mar ab fhearr ab eol di, go raibh rialuithe imleora TFC, mar atá leagtha amach i Ráiteas Dearbhaithe, i bhfeidhm agus go raibh siad ag oibriú go héifeachtach sa bhliain 2018.

D'fhorbair Oifig an Chigire Príosún Córas Bainistíochta Riosca agus Clár Rioscaí gaolmhar sa bhliain 2018. Tugadh cóip den Chlár Rioscaí don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ag cruinnithe Rialachais.

Cuireadh gníomhaíocht soláthair na hOifige sa bhliain 2018 i gcrích i gcomhar le hoifigigh ón Roinn agus leis an Oifig um Sholáthar Rialtais.

An Báicéir

Déanann Tommy a arán laethúil
I bpríosún gach lá
Ní bhíonn sé ag iarraidh labhairt linn
Ní bhíonn aon fhocail le rá aige

Deir an Garda a choinníonn súil air
Go bhfuil sé go maith agus braitheann sé
Ar Tommy na cístí
Arán donn agus borróga agus pióga a dhéanamh

‘Lifer’ is ea Tommy
Sa Ghaol, sin an t-ainm a thugtar
Ar fhear ar gearradh príosúnach saoil air
Ag feitheamh le glao ón mbord parúil

Éiríonn sé gach maidin
Seacht lá sa tseachtain
Agus éadaí bána air déanann sé an t-arán
Umhal, ciúin agus ceansa

Athshlánú
I bpríosún – ‘Sé an rud a dhéantar
Chun cabhrú le fear a phríosúnacht saoil a chur isteach ná
Ligean dó arán a dhéanamh mar am in ionad

Is minic a smaoiním faoi
Agus é ag fuineadh an taois
Caithfidh gurb é seo a arán beatha
In uaireanta nach mbuaileann an clog

Ní fhéachann sé níos faide ná an geata in am ar bith
Ar mhaith leis
An clog a chur siar
Agus an saol a chaitheamh mar ba cheart

Tá sé gnóthach i mbun na bÁCála anois
Amárach – na blianta atá romhainn
Is i gcónaí a bheidh “Tommy” ann
Agus a bheidh príosún ann a dteastóidh arán uaidh.

Le Regina Eviston (arna aistriú ó Bhéarla)

